

PRÍOMHTHORTHAÍ AGUS MOLTAÍ

PRÍOMHTHORTHAÍ

RIARADH CHÓRAS NA SCÉIMEANNA TEANGA

1. 122 iarratas ar scéim teanga fós le daingniú ag 31/12/2016

- 56 scéim teanga, as 116 san iomlán, atá imithe in éag; 6 cinn díobh sin le tréimhse níos faide ná 7 mbliana.
- 7 n-iarratas ag seasamh amach le 9 mbliana nó níos mó.
- 20 scéim teanga aontaithe go bliantúil, ar an meán, le dhá bhliain anuas. Thógfadh sé os cionn 6 bliana breith suas ar na hiarratais sin amháin atá ag seasamh amach ag deireadh na bliana 2016.

2. Tréimhse shuntasach ag baint le haontú scéimeanna teanga

- Tógann sé ar an meán 3.5 bliain ón am a iarrtar ar chomhlacht poiblí an chéad scéim teanga a ullmhú nó go mbíonn sí daingnithe agus 4 bliana i gcás an dara scéim teanga.

3. Teip scéim teanga a ullmhú nó a aontú

- Níor tuairiscíodh aon chomhlacht poiblí chuig Tithe an Oireachtais i ndáil le diúltú scéim teanga a ullmhú nó a chomhaontú.

CAIGHDEÁN NA SCÉIMEANNA TEANGA

1. Cúlú á dhéanamh ar ghealltanais a tugadh i scéimeanna teanga

- Cuireadh gealltanais a bhí mar ábhar d'imscrúdú go leataobh nó laghdaíodh iad in 64% de na chéad scéimeanna teanga eile a aontaíodh.
- I gcás comhlacht poiblí amháin, Comhairle Contae na hIarmhí, athraíodh gealltanais a bhí mar ábhar d'imscrúdú agus ar cuireadh tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina leith.
- Cúlú déanta ar ghealltanais in 52% de na dara nó na tríú scéimeanna teanga a aontaíodh in 2015 agus in 2016.

2. Gan aon dul chun cinn ó scéim teanga amháin go dtí scéim teanga eile

- As na 23 dara nó tríú scéim teanga a aontaíodh le linn na mblianta 2015 agus 2016, ní raibh dul chun cinn suntasach, i leith aon réimse gealltanais, le brath ach i gcás 17% díobh.

3. Sainaitheantú post le riachtanas Gaeilge

- Gan poist le riachtanas Gaeilge sainaitheanta ach i gcás 17.5% de na scéimeanna teanga a aontaíodh le linn na mblianta 2015 agus 2016.
- Gan socruithe cinnte d'earcú comhaltaí foirne le Gaeilge luaite ach amháin i gcás 7.5% de na scéimeanna teanga a aontaíodh le linn na mblianta 2015 agus 2016.

4. Soláthar seirbhísí sa Ghaeltacht

- As na 28 scéim teanga (as líon iomlán na scéimeanna atá daingnithe) a meastar go mbeadh soláthar seirbhíse do phobal na Gaeltachta i gceist iontu, ní raibh foráil déanta do sholáthar seirbhísí sa Ghaeltacht i gcás tuairim agus an tríú cuid díobh.
- Ní raibh dáta deimhnithe don Ghaeilge a bheith mar theanga oibre ach ag 11 de na 17 gcomhlacht poiblí a meastar go bhfuil oifigí nó ionaid Ghaeltachta acu agus a bhfuil scéim teanga aontaithe leo.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

EARCAÍOCHT

1. Polasaí nua earcaíochta a fheidhmiú a dhéanann athchothromú ar líon na bhfostaithe stáit atá in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.
2. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil íosmhéid foirne le Gaeilge (atá tomhaiste de réir creat tagartha aitheanta) i ngach eagraíocht stáit a chuireann seirbhís ar fáil don phobal.
3. Céimeanna a ghlacadh láithreach chun líon na bhfostaithe le Gaeilge sa státchóras a mhéadú.

4. Feidhm a thabhairt do pholasáí fadtéarmach earcaíochta a bheadh ag freagairt do phlean cuimsitheach do sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge.
5. Próiseas monatóireachta neamhspleách a bhunú a thuairiscíonn ar fheidhmiú agus ar éifeacht an pholasáí earcaíochta chuig Tithe an Oireachtais.

PLEAN CUIMSITHEACH DO SHOLÁTHAR NA SEIRBHÍSÍ POIBLÍ TRÍ GHAELIGE

1. Plean cuimsitheach, bunaithe ar thaighde, a chur á ullmhú ag saineolaithe teanga agus saineolaithe riaracháin phoiblí, maidir le soláthar na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge.
2. Sonrú a dhéanamh ar na seirbhísí stáit a chuirfear ar fáil i nGaeilge, na slite a gcuirfear ar fáil na seirbhísí sin, na hacmhainní a theastóidh chun an plean a fheidhmiú agus an creat reachtaíochta is fearr a thacóidh leis.

AN GHAELTACHT

1. Nasc a chruthú idir an phleanáil teanga agus cearta teanga trí fhoráil a chur sa reachtaíocht a chinnteoidh go gcaithfidh Gaeilge ar a dtoil a bheith ag oifigigh stáit a bhíonn lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag obair inti go rialta.

RIALACHÁIN, RANGÚ AGUS COMHLACHTAÍ POIBLÍ

1. Laghdú a dhéanamh ar réimse feidhme na scéimeanna teanga, de réir a chéile, trí níos mó seirbhísí a rialú faoi chóras rialachán. Chinnteodh an méid seo éabhlóid nádúrtha i dtreo caighdeáin chomónta seirbhíse agus laghdófaí an t-ualach riaracháin a bhaineann le haontú scéimeanna teanga aonaracha.

2. Rangú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí, bunaithe ar a dtábhacht agus ar an gcaidreamh atá acu leis an bpobal i gcoitinne, pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta san áireamh. Na caighdeáin is airde ó thaobh úsáid na Gaeilge a leagan, trí chóras rialachán, ar na heagraíochtaí sin is mó a bhíonn ag soláthar seirbhísí don phobal.
3. Comhlachtaí poiblí a thabhairt faoi scáth na reachtaíochta go huathoibríoch seachas a bheith ag brath ar uasdátú sceidil faoi mar atá faoi láthair.